

Plean Scoile don Ghaeilge



## **Scoil Choirp Chríost, Maigh Rúis.**

### **Réamhráiteas**

Tá an phlean bunaithe ar shaineolas na múinteoirí, ar laethanta inséirbhíse agus ar laethanta pleanála. Is gá comhthéacs na scoile a soiléiriú i dtosach - is scoil faoi mhíbhuntáiste (Deis Band 1) í Scoil Choirp Chríost. Níl tradisiúin gaelach sa cheantar. Tá deacrachtaí ollmhór acu a chéad teanga a sharú agus ní mhór é sin a chur san áireamh agus plean don Ghaeilge a chur le chéile.

Tá gá leis an bplean seo:

- chun cabhrú linn an curaclam a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint d'ár scoil
- ionas go mbeidh fhios ag gach duine cad atá ar siúl tríd an scoil
- go mbéadh leanúnachas, daingniú agus dul ar aghaidh

- mar áis sa scoil le haghaidh múinteoirí nua/ionadaí
- chun go mbeidh treoir chinnte againn i múineadh agus úsáid na *Gaeilge*

Tá tabhacht ar leith leis an n*Gaeilge* í Scoil Choirp Chríost chun feasacht teanga agus feasacht chultúrtha a chothú. Tá ról lárnach ag an n*Gaeilge* sa churaclam. Trí mhéan na *Gaeilge* cuirifimid le forbairt soisialta chognaísach, mhothúchánach, samhlaíochta agus aeistéitiúid an pháiste. Tá dóchas againn go mbainfeadh na páisti taitneamh as an ábhar foghlama agus go ghríoscadh sé iad chun an n*Gaeilge* bheo a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide agus go mbeadh dearcadh dearfach acu ina leith.

## **Fís**

- Spéis agus suim a chothú sa *Ghaeilge* trí na páiste a spreagadh chun í a usáid in atmaisféar taitneamhach.
- Cuirtear béim ar labhairt na *Gaeilge*.
- Ag fágáil rang a sé beidh muinín ag na páistí i gcomhair an *Ghaeilge* a usáid agus cumarsáid simplí a dhéanamh trí *Ghaeilge*.
- Tá an *Ghaeilge* le féiceail sa scoil. Tá béim ar an gcultúr *Gaelach* mar shampla Seachtain na *Gaeilge*, Cainteoir na Seachtaine, Féile Luimní, peil *Ghaelach* agus ceol traidisúinta.

## **Aidhmeanna:**

Is mian linn na haidhmeanna seo a bhaint amach:

- úsáid na *Gaeilge* chomh minic agus is féidir i rith an lae
- dearcadh dearfach i leith na *Gaeilge* agus spéis agus dúil inti a chothú

- taitneamh agus pléisiúr a bhaint as foghlaim na Gaeilge
- cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a m(h)uinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú
- cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéal a oireann dó/di féin agus don chineál scoile
- éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- cúram a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúchánach, shamhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste
- cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.
- go mbeidh 'Gaeilge beo' sa scoil réadúil, ag baint le saol an pháiste

## Curaclam na Gaeilge

### **Cur Chuige Cumarsáideach:**

Cuirtear béim ar an gcumarsáid sa scoil seo. Tuigimid sa scoil seo go bhfuil trí tréimhse i ngach ceacht Ghaeilge:

- An Tréimhse Réamhchumarsáide
- An Tréimhse Cumarsáide
- An Tréimhse Iarchumarsáide

Bainfidimid úsáid as cluichí teanga, comhrá beirte, drámaíocht agus Gaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil timpeall na scoile chun feabhas a chur ar labhairt na Gaeilge.

### **Feidhmeanna Teanga**

Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, mar shampla mian a chur in iúl, rud a iarraidh, cuireadh a thabhairt, cead a lorg nó easpa taitnimh a léiriú. Is iad na feidhmeanna teanga croílár an churaclam Ghaeilge agus beidh siad le comhlíonadh i ngach gné den chumarsáid, pé acu ag éisteacht, ag labhairt, ag léamh nó ag scríobh atá an páiste.

Is iad na chatagóir feidhmeanna ná:

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Dul i gcion ar dhuine
- Struchtúr a chur ar chomhrá
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá.

## **Snáitheanna an Churaclam**

Tá ábhar teagasc agus foghlama an churaclam Ghaeilge eagraithe faoi cheithre shnáithe:

- Éisteacht
- Labhairt
- Léitheoireacht
- Scríobhneoireacht

### **Éisteacht:**

- Éisteacht neamhfhoirmiúil.
- Éisteacht fhoirmiúil: éist leis an dán, faigh amach.....
- Páiste ag léiriú tuiscine: ag dathú, ag scríobh.....
- Ag éisteacht le múinteoir, le páiste eile, le físean, téipeanna, ríomhaire, amhrán, dráma, filíocht, tráth na gceist,.....

**Labhairt:** go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae, go foirmiúil sa cheacht (m.sh. cluichí teanga, scéalaíocht, ról-ghlacadh, srl)

**Léitheoireacht:** ullmhúcháin don léitheoireacht (m.sh. rainn, pictiúrleabhair, prionta Gaeilge sa timpeallacht - ar na ballaí, lipéid ar rudaí áirithe, fógraí do na páistí Ullmhúcháin don léitheoireacht: naíonáin bheaga - Rang 2. Tús na léitheoireachta fhoirmiúil: nuair a bhíonn bonn maith faoi chumas tuisceana agus cainte an pháiste. De ghnáth ní thosófar roimh rang 2 (Curaclam na Bunscoile - Teanga lch 10). Scileanna léitheoireachta a fhorbairt: téacsanna agus tascanna léitheoireacht scéalta sna leabhair atá in úsáid, dánta, amhráin, cuir abairtí in ord, léigh agus tarraing pictiúr, srl.

**Scríobhnóireacht:** tús na scríobhnóireachta - nuair a bheidh bunús maith faoi thuiscint agus faoi labhairt na teanga. De ghnáth cuirfear tús leis an scríobhneoireacht i rang 2 (Curaclam na Bunscoile - lch 10). Tascanna scríobhnóireachta: ailt, scéalta, litir, cárta poist, srl. Mar thorradh, beidh eolas ag gach múinteoir sa scoil seo ar na cuspóirí a ghabhann lena rang-ghrúpa féin (féach Curaclam na Gaeilge).

### **Comhtháthú na Snáitheanna**

Tarlaíonn sé go nádúrtha go bhfuil na snáitheanna fite fuaite le chéile. Tá béim ar labhairt ach go háirithe. Cuirimid béim ar labhairt agus éisteacht sula ndéanaimid léitheoireacht agus scríobhnóireacht.

### **Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte**

#### **Téamaí**

Is comhthéacs iad na téamaí seo chun na feidhmeanna teanga a mhúineadh. Beidh an ábhar teagasc bunaithe ar na téamaí ionas go mbeadh nasc idir an foghlaim agus saol laethúil an pháiste. Ní miste don mhúinteoir topaicí a roghnú as na téamaí agus iad a leathnú amach chun ábhar atá spéisiúil don pháistí a úsáid:

- Mé Féin
- Sa Bhaile
- An Scoil
- Bia
- Siopadóireacht
- Caitheamh Aimsire
- Éadaí
- An Aimsir
- Ócáidí Speisialta
- An Teilifís
- An Trá

## **Straitéisí**

Bainfear úsáid as na straitéisí seo a leanas chun seans a thabhairt do na páistí an teanga a chleachtadh;

- Cluichí teanga - cluiche Kim, cluiche Cuimhne, faigh an difríocht, cluichí meaitseála
- Tascanna Éisteachta
- Drámaíocht
- Biongó
- An Clár Bán
- Dathaigh
- Obair Bheirte
- Seanfhocail

- Rainn agus Amhráin
- Agallaimh (Cómhrá beirte)
- Scéalaíocht

## **Modhanna Múinte**

Múinfear an teanga tríd úsáid a bhaint as na modhanna múinte;

- An Modh Díreach - m.sh. Seo ríomhaire
- Modh na Sraithe - m.sh. D'éirigh mé ar maidin. Ghlan mé m'fhiacra. D'ith mé mo bhricfeasta
- Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí - m.sh . Éist agus déan: cur suas do lámh, bí ag rith, srl
- Modh Closlabhartha - m.sh. éisteacht le CDs, cluiche bingo, éist agus tarraing, srl
- Modh Closamharc - m.sh. deilbhíní, fiseáin, pictiúir
- Modh na Ráite - m.sh. Is mise Tomás.....abair é (agus agallaimh ar siúl)/ Is maith liom úll....abair é
- Aithris/Athrá
- Cluichí Teanga
- Taithíocht ó bhéal

## **Gaeilge Neamhfhoirmiúil**

### **Úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge i rith an lae-Caint an Ranga**

Cloisfidh ne páistí anmúinteoir ag labhairt Gaeilge leo ag amanta rialto I rith an lae agus spreagfar iad an teanga atá foghlamtha acu a thraschur agus a úsáid i gcomhthéacsanna cumarsáide éagsúla lasmuigh den cheacht Gaeilge ionas go dtuigfidh siad gur teanga bheo chumarsáide í an Ghaeilge.

Is féidir an Ghaeilge a úsáid amanta áirithe i rith an lae;

- Am maidin
- Am paidireacha

- Am rolla
- Am sosa
- Am lóin
- Am baile
- Teachtaireachtaí

## Gaeilge Neamhfhoirmiúl

### Feidhmeanna Teanga

#### 1. Caidreamh sóisialta a dhéanamh

	Naíonáin	Rang 1&2	Rang 3&4	Rang 5&6
• Beannú do dhuine	<i>Dia Duit! Dia is Muire duit!</i>	<i>Dia duit! Dia is Muire duit! Ta fáilte romhat.</i>	<i>Dia duit! Dia is Muire duit is Pádraig!</i>	<i>Go mbeannaí Dia duit! Dia is Muire duit!</i>
• Slán a fhágail	<i>Slán!</i>	<i>Slán leat! Slán abhaile!</i>	<i>Oíche mhaith! Oíche mhaith is codladh sámh!</i>	<i>Go dté tú slán! Feicfidh mé amárach thú! Go n-éirí an bóthar leat!</i>
• Glaoch ar dhuine		<i>A Mhúinteoir!</i>		
• Aird a lorg		<i>Tar anseo!</i>	<i>Gabh mo leithscéal!</i>	<i>An féidir liom labhairt leat ar feadh nóiméid?</i>
• Bualadh le duine	<i>Conas atá tú?</i>		<i>An bhfuil tú go maith?</i>	
• Cur in aithne				<i>Seo e Sam, Seo í Ciara</i>
• Comhghairdeas a dhéanamh	<i>Maith an cailín/an bhuachaill!</i>	<i>Maith thú!</i>		
• Comhbhrón a dhéanamh	<i>Ta brón orm</i>		<i>Mí-ádh!</i>	

#### 2. Soiléiriú a lorg i gcomhrá

• Easpa tuisceanna a			<i>An dtuigeann tú?</i>	
----------------------	--	--	-------------------------	--



léiriú			Ní thuigim	
• Cabhair a lorg				<i>Cén Gaeilge atá ar ...?</i>
• Litriú a lorg			<i>Litrigh 'shiúil', le do thoil</i>	
• Athrá a lorg			<i>Abair é sin arís!</i>	

### 3. Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile

• Cead a lorg, a thabhairt agus a dhiúltú	<i>An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas? Tá/Níl/Ceart go leor</i>	<i>An bhfuil cead agam dul amach? Tá/Níl</i>	<i>Níl se sin ceart go leor</i>	
• Buíochas a léiriú	<i>Go raibh maith agat</i>	<i>Go raibh míle maith agat</i>	<i>Míle Buíochas</i>	<i>Buíochas le Dia</i>
• Smaoineamh a chur chun cinn				<i>Ar mhaith le haon duin dul ag rothaíocht?</i>
• Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh	<i>Stop!</i>	<i>Dún an doras, le do thoil!</i>	<i>Ná déan é sin! Tabhair dom é! An féidir leat suí síos!</i>	
• Duine a ghríosadh			<i>Lean ort!</i>	
• Magadh faoi dhuine				<i>Há! Há! Ar chuala tú an scór?</i>
• Cuireadh a thabhairt, a dhiúltú, glacadh leis nó fiosrú faoi			<i>Ar mhaith leat teacht go dtí mo chóisir? Ní féidir liom. Ba mhaith</i>	<i>Ba bhreá liom, go raibh maith agat! Cén t-am a thosóidh sí?</i>
• Foláireamh a thabhairt do dhuine		<i>Bí cúramach!</i>	<i>Tóg go bog é!</i>	<i>Tabhair aire!</i>
• Stadás a fhógairt nó a cheistiú			<i>Mise an laoch!</i>	<i>Is mise an duine is fearr!</i>
• Maíomh				<i>Ta mise go hiontach ag snámh!</i>
• Dúshlán duine a thabhairt			<i>Ní féidir leat é sin a dhéanamh!</i>	

#### 4. Dearcadh a léiriú agus a lorg

<ul style="list-style-type: none"> <li>Eolas nó aineolas, cuimhne nó easpa cuimhne a léiriú agus fiosrú fúthu</li> </ul>		<p>Tá a fhios agam. Níl a fhios agam</p>		<p>An cuimhin leat e sin? Is cuimhin liom Ní cuimhin liom</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Cinnteacht, éiginnteacht, féidearthacht a léiriú, fiosrú fúthu</li> </ul>	Tá/Níl		<p>Táim cinnte Níl mé cinnte B'fhéidir</p>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Leibhéal dóchúlachta a léiriú agus fiosrú faoi</li> </ul>			<p>An bhfuil Lisa tinn? Is dócha go bhfuil</p>	<p>An mbeidh an bua againn, meas tú? Beidh, gan amhras! Níl aon seans again.</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú</li> </ul>	<p>Is maith liom bainne Ní maith liom bainne</p>	<p>Is breá liom rugbaí Is fuath liom lá fliuch</p>		
<ul style="list-style-type: none"> <li>Mianta a léiriú nó fiosrú fúthu</li> </ul>		<p>(Ar mhaith leat milseán)? Ba mhaith/Níor mhaith</p>	<p>Ba mhaith liom.../Ba bhreá liom...</p>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Rogha a léiriú nó fiosrú fúithi</li> </ul>		<p>B'fhearr liom</p>	<p>Cé acu is fearr leat?</p>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Leithscéal a ghabháil</li> </ul>		<p>Tá brón orm! Gabh mo leithscéal!</p>		
<ul style="list-style-type: none"> <li>Sásamh nó míshásamh a léiriú nó fiosrú</li> </ul>		<p>Go maith! Go dona!</p>	<p>Ar fheabhas ar fad!</p>	<p>Go hiontach!</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Aontú nó easaontas le ráiteas</li> </ul>		<p>Tá/Níl Sea/Ní hea</p>		<p>Tá sé sin fíor/bréagach. Níl sé sin fíor!</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>Ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú</li> </ul>		<p>Is féidir liom ... Ní féidir liom ...</p>	<p>Tá mé in ann ... Níl mé in ann ...</p>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>Séanadh</li> </ul>				<p>(D'fhág tusa an clós!) Níor</p>

				<i>fhág (Rinne tusa é!) Ní dhearna (mé)!</i>
• Maithiúnas a léiriú			<i>Tá go maith. Tá sé sin ceart go leor</i>	
• Tacaíocht a léiriú			<i>Tá sé sin go maith! Go breá! Lean ar aghaidh!</i>	
• Díomá a léiriú				<i>Is mór an trua é sin!</i>
• Dóchas a léiriú			<i>Tá súil agam ...</i>	<i>Ta súil agam go dtiocfaidh sé</i>
• Ligean air/uirthi		<i>Ó, tá pian i mo bholg!</i>		
• Scéalta a chumadh nó a insint		<i>Ar maidin ..., Inné ..., Lá amháin ...</i>	<i>De Sathairn seo caite ... Aréir ...</i>	<i>Anuraidh ... Ar dtús ...ansin ... agus faoi dheireadh ...</i>
• Léiriú gur gá nó nach gá rud éigin a dhéanamh, nó fiosrú faoi				<i>Caithfidh mé T-léine a cheannach Caithfidh mé dul a chodladh go luath</i>

## 5. Eolas a thabhairt agus a lorg

• Aithint	<i>Liathróid</i>	<i>Sin é Seo é mo leabhar nua</i>	<i>Cailín maith is ea í!</i>	
• Tuairisciú	<i>Inniu an Luan. Tá Sam ag ithe</i>	<i>Tá Sam ag ithe a cheapairí</i>	<i>D'ith mé sé phancóg</i>	<i>Tá an bháisteach imithe</i>
• Teachtaireacht a thabhairt		<i>Tá Niamh tinn inniu</i>	<i>Ní bheidh me ar scoil amárach. Beidh mé ag dul go dtí an fiaclóir ar a deich a chlog</i>	
• Ceartú			<i>Ní leatsa é, is liomsa é</i>	
• Ceisteanna a chur	<i>Céard é sin?</i>	<i>Cén dath atá ar an</i>		<i>Conas?</i>

agus a fhreagairt	<i>Cé hé /hí sin? Cé ata sa leaba? Mamaí Béar</i>	<i>liathróid? Buí Cé leis é seo? Is liomsa e</i>		<i>Cathain? Cén t-am? Cén sort? Cén praghas? Cén fáth?</i>
-------------------	---	--	--	--

## 6. Struchtúr a chur ar chomhrá

• Oscailt			<i>Ar chuala tú? Ta an lá go deas</i>	<i>Tá tú ag obair go crua</i>
• Feincheartú			<i>Ó, gabh mo leithscéal, tá brón orm ....</i>	
• Cur síos a dhéanamh céim ar chéim			<i>Ar dtús ... Ansin ... Tar éis tamaill ...</i>	<i>Ar deireadh ...</i>
• Coimriú				<i>...agus mar sin ní bheidh se ar scoil</i>
• Deireadh a chur le comhrá			<i>Ceart go leor!</i>	<i>Bhuel, sin é! Feicfidh mé arís thú!</i>

Na himeachtaí a bhaineann le cultúr na Gaeilge sa scoil agus i dtimpeallacht na scoile:

- Frásaí na Seachtaine
- Cainteoir na Seachtaine
- Fógraí agus lipéidí sa timpeallacht
- Seachtain na Gaeilge
- Féile Luimní

### Frásaí na Seachtaine

- Dia duit/Dia is Muire duit

- Conas atá tú? Tá mé go maith go raibh maith agat
- Leithreas le do thoil
- Cé tusa? Is mise .....
- Slán leat
- Gabh mo leithscéal a mhúinteoir
- Can is ainm duit? ...is ainm dom
- Go raibh míle maith agat
- Míle Buíochas
- Tá fáilte romhat
- Bí cúramach!
- Tabhair aire
- Go maith!
- Go dona!
- Ar fheabhas ar fad!
- Go hiontach!
- Breithlá sona duit
- Nollaig shona duit/Cáisc shona duit/Athbhliain shona duit
- Cén t-am e? Tá sé a ... a chlog
- Anseo/Tá sé as láthair
- An maith leat ...? Is maith liom/ Ní maith liom
- Is fuath liom
- Is maith liom ... ach is fearr liom ...
- Cén sórt aimsire ata againn? Tá sé fuar/fliuch/te/tirim/ag cur sneachta/ag cur báistí/geal/scamallach
- Cé leis é? Is liomsa é
- Taispéan dom ...
- Maith thú!

- Go n-éirí an bóthar leat!
- Slán abhaile
- Cé atá ag an doras? Tá bean/fear/buachaill/cailín ag an doras
- Cén lá é? Inniu an Luan
- Ná bí ag rith/ag caint
- Cad é an Ghaeilge ar ...?
- Cén dath atá ar ...?
- Cén aois thú?
- Cén rang ina bhfuil tú? Táim i rang a dó

### **Rannta, Dánta agus Amhráin**

- Rogha don mhúinteoir ranga féin (Tá an cuid is mó de na dánta, rannta agus amhráin seo a leanas i Lámhleabhar an Mhúinteora Bua na Cainte)

### **Pleanáil Eagraíochta**

Pleanáil an mhúinteora:

Déanann na muinteoirí an pleanáil seo a leanas:

- Pleanáil fhadthéarmach - Scéim Bliana
- Pleanáil ghearrthéarmach - Scéim Choicíse/Cuntas Míosúil

### **Áiseanna:**

Bainimid úsáid as an gclár Gaeilge 'Bua na Cainte' i rith na scoile ach is féidir leis an múinteoir usáid a bhaint as áiseanna eile m.sh. idirlíon, téacsleabhair, puipéid, leabhair mór, luas chartaí, an clár bán idirghníomhach.

## **Idirdhealú**

Sa scoil seo déanfar iarracht freastal ar éagsúlacht cumais na bpáistí trí úsáid a bhaint as;

- Usáid a bhaint as pictiúirí agus fíor rudaí chun na focail nua a mhúineadh.
- Ceisteanna difriúil ar leanaí airithe.
- Geaitsí leis an rann chun cabhair leis na páistí a fhoghlaim.
- Idirdhealú trí thacaíocht bhreise.
- Idirdhealú trí achmhainní.
- Idirdhealú trí suim.
- Idirdhealú ó thaobh na modhanna múinte.

## **Comhtháthú le hÁbhair eile**

Moltar an Ghaeilge a úsáid i múineadh ábhair eile an churaclam chomh minic agus is féidir m.sh;

- Corpoideachas - cluichí, damhsa, srl
- Ceol - amhráin Ghaeilge, feadóg, banna cheoil
- Matamaitic - uimhreas, áireamh
- Tíreolaíocht - An Aimsir
- Amharcealaíona - péint, dath
- Drámaíocht trí Gaeilge
- Paidreacha as Gaeilge

Is féidir na snáitheanna éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríobhneoireacht a chomhtháthú lena chéile de ghnáth sa cheacht Ghaeilge. Tá smaointe agus eiseamláirí tugtha ag bun gach snaithe sa Churaclam na Bunscoile faoi seo.

## **Measúnú**

Seo iad na huirlisí atá in úsáid again:

- Dírbhreathnú an mhúinteora treoracha a leanúint
- Páirteachas

- Liosta de na bhfeidhmeanna teanga treoracha a leanúint sa tasc
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- Gníomhaíochtaí a dhéanamh
- Bailiúchán d'obair an pháiste
- Ábhar éagsúla m.sh. Nollaig, bia, éadaí, srl a athaint agus a ainmniú
- Scrúdaithe

## **Obair Bhaile**

Rang 4-6.

### **Forbairt Foirne:**

Cuiditheoir sa scoil ar lá planála chun cabhair agus smaointí a thabhairt do na múinteoirí.

### **Tuismitheoirí agus an Ghaeilge**

- Bíonn na tuismitheoirí páirteach san obair bhaile
- Bíonn cumarsáid idir an múinteoir agus an tuismitheoir go rialta (Cruinniú Tuismitheoirí/Múinteoirí)
- Is féidir liosta d'abairtí agus focail simplí a thabhairt do na tuismitheoirí i rith Seachtain na Gaeilge. Is féidir iad a chleachtadh lena páiste féin.
- Cuireadh a thabhairt do na tuismitheoirí part a ghlacadh in-imeachtaí Seachtain na Gaeilge m.sh Céilí, Díolachán Earra, Lá Glas
- I rith Féile Luimní beidh deis ag na tuismitheoirí an dán a chleachtadh sa bhaile lena agus tacaíocht a thabhairt dóibh ar an lá.

### **Comhionannas**

Beidh deis ag gach páiste sa scoil seo an Ghaeilge a fhoghlaim.



## **Cur i bhfeidhm**

### **Rólanna agus freagracht**

- Tá gach múinteoir freagrach as an bplean scoile

## **Athbhreithniú**

### **Rólanna agus freagracht**

- Tá gach múinteoir freagracht as a rang féin

## **Spriocdháta don athbhreithniú**

Meán Fómhair 2021

## **Daingniú agus Cumarsáid**

Beidh cóip den phlean scoile le fail ar Aladdin agus ceann eile san Oifig. Beidh deis ag gach múinteoir an phlean a athrú, más maith leis/leí.